
# Tuarascáil Riosca Oifige – Meitheamh 2020

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar ‘theasléaráid déine’ riosca. Is iad sin na rioscaí ‘iarmharacha’, agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar ‘ard’ tugtha sa roinn ‘conclúidí’.




| | Rangú | Riosca |
|---|---|---|
| ARD | 1 | D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí a éascú |
| | 2 | D’fhéadfadh páirtithe leasmhara seachtracha féachaint ar spriocanna deimhniúcháin iniúchóireachta mar spriocanna nach gcomhlíonann a riachtanais |
| MEÁNACH | 3 | Próisis neamhleora chun acmhainneacht foirne a uasmhéadú |
| | 4 | Caolú cultúir Oifige mar gheall ar athruithe sa timpeallacht oibre |
| | 5 | Acmhainní nach bhfuil ailínithe leis na cuspóirí straitéiseacha |
| | 6 | Neamhchomhlíonadh ceanglas rialála (corparáideach) |
| | 7 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| | 8 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| | 9 | Eisiúint neamhdhleathach sonraí |
| | 10 | Fágann droch-chumarsáid le cliaint go gcailltear muinín as an Oifig agus/nó go mainníonn sí a haschuir bheartaithe a sholáthar go tráthúil |

### Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca. Bhreithnigh sé freisin rioscaí atá ag teacht chun cinn. Thug sé dá aire nár tuairiscíodh aon rioscaí ar chóras tuairiscithe riosca na hOifige.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí an Mheithimh 2020 gur riosca ‘ard’ é an riosca a bhaineann le *próisis neamhleora a bheith ann chun acmhainneacht foirne a uasmhéadú* go fóill d’ainneoin an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo. Tá méadú tagtha ar na rioscaí *go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí a éascú* agus *go bhféadfadh páirtithe leasmhara seachtracha féachaint ar spriocanna deimhniúcháin iniúchóireachta mar spriocanna nach gcomhlíonann a riachtanais*, agus iad ag méadú ó rioscaí meánacha ina rioscaí arda i bhfianaise na ráige coróinvíris.